




An Coimisiún um
Chosaint Sonraí
Data Protection
Commission

Nóta Treorach:

Cad ba chóir duit bheith ar an eolas faoi ar líne? Roinnt rioscaí coitianta ar líne

Deireadh Fómhair 2019



Clár Ábhair

Réamhrá.....	2
Feasacht.....	3
Trédhearcacht/ Teorannú de réir Cuspóra.....	3
Fianáin agus Rianú.....	4
Dearadh Físeach – ‘Poiteadh’.....	6
Bailiú agus Rianú.....	10
Aipeanna ar Gairis Mhóibíleacha a Dhíshuiteáil.....	10
Aipeanna – Próiseáil Chúlra.....	11
Slándáil.....	14
Pasfhocal a Athúsáid.....	14
Ceisteanna Slándála.....	15
Fioscaireacht.....	17
Foirmeacha Logála isteach gan slándáil.....	19
Ainmneacha Fearainn – Láithreáin Bhréagacha a Aithint.....	20

Réamhrá

Gach lá, mar áis agus mar fhóntas, bainimid go léir úsáid as láithreáin ghréasáin, aipeanna agus ardáin meán sóisialta éagsúla agus sinn ag baint úsáid as ár ríomhairí deisce, táibléid agus fóin chliste. Trí sin a dhéanamh, bailítear agus próiseáiltear ár sonraí pearsanta ar réimse bealaí arbh fhéidir nach mbeimis ar an eolas fúthu agus d'fhéadfadh roinnt rioscaí a bheith ag baint leo.

Is é an aidhm atá leis an nóta seo cuidiú leat a bheith ar an eolas faoi na rioscaí sin, na cúinsí ina bhféadadh said teacht chun cinn a aithint, agus moladh a thabhairt maidir le céimeanna is féidir a ghlacadh chun dul i ngleic leo agus tú féin a chosaint ar líne. Ar ndóigh, dá méad eolais atá agat, is ea is fearr a bheidh tú in ann tú féin agus do shonraí pearsanta a chosaint agus rogha agus rialú a chur i bhfeidhm maidir le cinneadh a dhéanamh faoin leas a bhaineann tú as na meáin shóisialta ar líne chomh maith le seirbhíse eile ar líne.

Áirítear leis na saincheisteanna tábhachtacha nach mór a thabhairt san áireamh an méid rianaithe nó próifílithe atá tú sásta glacadh leis chun teacht a bheith agat ar aipeanna agus seirbhísí, nó chun teacht a bheith agat ar na gnéithe roghnacha a d'fhéadfadh a bheith á gcur ar fáil duit iontu. Faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), aithnítear na heagraíochtaí a chruthaíonn na haipeanna agus seirbhísí sin agus a chuireann ar fáil duit iad mar 'rialaitheoirí' toisc gurb iad sin na heagraíochtaí a dhéanann na bealaí agus modhanna ina mbailítear agus ina úsáidtear do shonraí pearsanta a leagan amach agus a chinneadh.

Sa nóta seo, leagtar béim ar fheasacht, slándáil agus rianú. Is ionann na rioscaí a luaitear sa nóta seo agus na rioscaí sin a mbíonn 'neamhchothroime faisnéise' i gceist leo idir tú féin agus na heagraíochtaí a sholáthraíonn na láithreáin, aipeanna agus seirbhísí a úsáideann tú agus a d'fhéadfadh cur isteach ar do chearta maidir le cosaint sonraí¹.

Níl na tuairiscí thíos beartaithe a bheith mar thráchtairacht ar leibhéal chomhlíonta eagraíochtaí maidir le cosaint sonraí nó ar éifeachtacht na rialuithe a chuireann siad ar fáil, nó ar an méid a d'fhéadfadh a bheith i gceist le 'dea-chleachtas fiú'. Ina ionad sin, tá sé mar aidhm leis an nóta seo feasacht a ardú faoi roinnt de na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann d'ábhair sonraí ar líne ó am go ham.

¹ [Faoin GDPR tugtar cearta áirithe duit maidir le do shonraí pearsanta agus faoi choinníollacha áirithe.](#)

Áirítear leo sin an ceart maidir le do shonraí pearsanta atá á choinneáil ag eagraíocht a rochtain nó a bhogadh ("iniomparthacht"), ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil áirithe, ceart go ndéanfaí léirsciosadh, ceart go gcuirfí srian le próiseáil áirithe.

Feasacht

Trédhearcacht/ Teorannú de réir Cuspóra

An méid le bheith ar an eolas faoi

Nuair a chuireann tú faisnéis ar fáil do sheirbhísí ar líne, d'fhéadfadh tú bheith den tuairim nach n-úsáidfeadh na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil d'aon rud eile seachas an próiseas nó idirbheart ina bhfuil tú páirteach san am sin faoi leith.

Ní amhlaidh an cás i gcónaí, áfach. Is minic gur chun críocha eile a úsáidtear sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil do sheirbhísí ar líne. Ba chóir go mbeadh siad sin leagtha amach i mbeartas na heagraíochta maidir le príobháideacht ar líne nó maidir le sonraí. Go minic, déanann eagraíochtaí cur síos ina ndoiciméid bheartais ar an gcuspóir nó buntáiste láithreach duit ag an am a bhaineann tú úsáid as gnéithe áirithe, ach déanann siad cur síos freisin ar chuspóirí eile agus próiseáil eile a dhéanfar ar do shonraí. Mar shampla, d'fhéadfadh tú 'preabfhógraí' nó 'balúin chabhreacha' a fheiceáil ina dtugtar tuairisc ar ghné a úsáideann tú a bhfuil próiseáil do shonraí pearsanta i gceist léi, agus d'fhéadfadh nasc a bheith ann chuig rannán 'foghlaim tuilleadh' nó chuig rannán de chuid Beartas Príobháideachta na heagraíochta ina dtugtar tuairisc ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as do shonraí nó ar úsáidí gaolmhara eile.

Go minic, úsáidtear na sonraí pearsanta a chuireann tú ar aghaidh chun cur le próifíl a chruthaítear fút, faoi do ghníomhaíochtaí agus faoi na nithe is díol spéise leat. Úsáidtear é sin chun ábhar a thaispeántar duit ar an láithreán gréasáin nó ar an aip a chur in oiriúint nó a dhíriú, nó roinntear é le hardáin fógraíochta tríú páirtí chun cinneadh a dhéanamh faoi na fógraí is dóichí a idirghníomhóidh tú leo.

D'fhéadfadh na fógraí sin teacht aníos ar an láithreán gréasáin nó aip a bhfuil tú ag úsáid, nó d'fhéadfaidís teacht aníos níos déanaí nuair a thugann tú cuairt ar láithreán ghréasáin nó aip eile.

Faoin GDPR, éilítear ar eagraíochtaí a bheith trédhearcach leat faoin mbealach a úsáidfeadh do shonraí ar shlí atá 'soiléir agus follasach' agus ní mór dóibh eolas a chur ar fáil duit faoi mar is féidir leat do chearta GDPR a chur i bhfeidhm.

Cén riosca atá i gceist duit ar líne?

D'fhéadfadh sé nach mbeadh roinnt eagraíochtaí go hiomlán trédhearcach faoi na sonraí pearsanta a phróiseálann siad nó faoin gcaoi agus faoin gcúis a dhéanann siad na sonraí pearsanta a phróiseáil, nó faoin mbealach is féidir le húsáideoirí a gcearta maidir le cosaint sonraí a chur i bhfeidhm.

Mar shampla, d'fhéadfadh ráiteas ar nós "Úsáidimid do shonraí pearsanta chun ár seirbhís a fheabhsú" a bheith curtha le beartas príobháideachta láithreáin ghréasáin, gan eolas breise a chur ar fáil chun cur leis an ráiteas sin. I gcoitinne, ní bhíonn tuairiscí doiléire dá leithéid trédhearcach a ndóthain, sa chaoi nach gcuireann siad ar do chumas an méid a dhéanann an rialaitheoir i ndáiríre le do shonraí pearsanta a thuiscint.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé tarlú go dteipeann ar sholáthraithe seirbhíse gach cineál próiseála a dhéanann siad a nochtadh i leith na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil; nach dtugann siad a ndóthain sonraí maidir leis na cuspóirí tánaisteacha ar nós 'taighde agus forbairt; nó go dteipeann orthu tuairisc dhóthanach a thabhairt faoin mbealach agus faoin uair ina roinneann siad sonraí pearsanta le 'comhpháirtithe' eile.

Céimeanna is féidir leat a ghlacadh chun do shonraí pearsanta a chosaint

Is féidir leat céimeanna a ghlacadh d'fhonn bheith ar an eolas agus lena chinntiú go gcomhlíonann rialaitheoir sonraí a dhualgas maidir le bheith soiléir agus follasach leat. Nuair a chláraíonn tú le seirbhís ar líne ina soláthraíonn tú ag cur sonraí pearsanta, molaimid duit am a ghlacadh chun an beartas príobháideachta a léamh agus tuiscint a fháil faoi mar a úsáideann an tseirbhís do shonraí. Má tá aon rud ann nach bhfuil tú compordach leis, déan machnamh cibé ar mhaith leat an tseirbhís sin a úsáid nó nár mhaith, nó má tá aon ghnéithe áirithe i gceist nach mbeadh tú ag iarraidh a úsáid toisc nach bhfuil tú sásta go dtuigeann tú an cineál próiseála atá ar siúl.

Mar threoir ghinearálta, níor chóir duit sonraí pearsanta a chur ar fáil do sheirbhís ar líne mura bhfuil a fhios agat conas mar a bhainfear úsáid as na sonraí. Mar atá luaite thuas, tá sé de fhreagracht ar eagraíochtaí a chinntiú go gcuireann siad míniúcháin ar fáil duit atá iomlán, inrochtana go héasca agus intuigthe maidir leis an méid a dhéanfaidh siad le do shonraí. Má tá tú ag iarraidh a bheith cúramach, ná cuir ach a laghad sonraí pearsanta ar fáil agus atá riachtanach chun úsáid a bhaint as an tseirbhís is mian leat a úsáid.

Nuair a chláraíonn tú do aip, ba chóir duit iarracht a dhéanamh tuiscint a fháil faoi mar a phróiseálfar na sonraí a bhaileofar uait i ndiaidh duit an aip a shuiteáil. Nuair a úsáideann tú gnéithe in aip nó seirbhís ina n-iarrtar do shonraí pearsanta, bí ag cuardach agus ag léamh aon phreabfhógraí nó aon naisc maidir le heolas breise nó naisc 'foghlaim tuilleadh'. Mura bhfuil tú sásta, d'fhéadfadh tú fós a bheith ag iarraidh úsáid a bhaint as an tseirbhís nó an ghné atá i gceist, ach is féidir leat an eagraíocht a fhiosrú agus ceisteanna a chur orthu chun míniúchán níos fearr a fháil faoin méid atá ag tarlú do do shonraí.

Fianáin agus Rianú

An méid le bheith ar an eolas faoi

Baineann eagraíochtaí a chruthaíonn próifíleanna faoi do ghníomhaíocht ar líne úsáid as fianáin go minic. Is comhaid iad sin a chruthaíonn eagraíochtaí i do bhrabhsálaí gréasáin² nuair a thugann tú cuairt ar a láithreáin ghréasáin d'fhonn nithe maidir leat a thaifeadadh ar féidir a aithint nuair a thugann tú cuairt arís.

² Uirlis bhogearraí ar do ghuthán nó ar do ríomhaire deisce is ea brabhsálaí trína gcuirtear ar do chumas an Gréasán Domhanda a bhrabhsáil. Samplaí de bhrabhsálaithe is ea Google Chrome, Microsoft Edge, Mozilla Firefox, agus Apple Safari. Tá go leor brabhsálaithe eile ar fáil lena n-úsáid.

Go ginearálta, spreagfar thú ar bhealach éigin chun glacadh leo agus tabharfar tuairisc maidir leis na cuspóirí a bhaineann leo freisin.

Trí fhianáin, is féidir taifid a choinneáil fút ar nós do rogha teanga ar láithreán nó do ghníomhaíocht chuardaigh nó siopadóireachta agus d'fhéadfaí go mbeadh aitheantóir ar leith iontu maidir leat. Tarchuirtear an fhaisnéis i bhfianáin ar ais chuig an láithreán gréasán gach uair a dhéanann tú cuairt a thabhairt ar leathanach, nasc a chliceáil, nó idirghníomhú ar bhealach ar bith leis an láithreán. Is féidir le húinéir an láithreáin an méid sin a úsáid chun d'iompraíocht a rianú, díol spéise a thuiscint as an iompraíocht sin, an fhaisnéis sin a chur le próifíl a choinníonn siad fút, agus uaireanta is féidir leis an úinéir an méid a dhéanann tú ar a láithreán gréasáin a nascadh leis an méid a dhéanann tú ar láithreán gréasáin eile.

Cruthaítear fianáin tríú-páirtí, mar a thugtar orthu, nuair a thugann oibritheoir an láithreáin ghréasáin cead d'eagraíocht eile cuid dá leathanach gréasáin a úsáid i gcomhair nithe ar nós fógraíocht, idirghníomhú ar na meáin shóisialta, nuashonruithe aimsire nó giuirléidí eile.


Cén riosca atá i gceist duit ar líne?

Gníomhaíocht is féidir a bheith an-mhionsonraithe is ea d'iompraíocht ar láithreáin ghréasáin a rianú ar líne, agus an seans go mbeadh go leor eagraíochtaí éagsúla ag malartú faisnéise faoi d'iompraíocht ar láithreáin ghréasáin éagsúla. Tríd an méid sin, is féidir sonraí a nochtadh faoi do shaol sa bhaile, na nithe a gcuireann tú suim iontu agus do ghníomhaíochtaí laethúla. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as i gcásanna áirithe chun tionchar a imirt ar na roghanna siopadóireachta nó roghanna earraí tí a dhéanann tú, ar nós an cineál árachais a cheannaíonn tú, mar a smaoiníonn tú faoi pholaitíocht nó faoin tsochaí, nó d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar do thoilteanas ábhair atá tábhachtach duit a roinnt nó a phlé fiú.

Uaireanta, d'fhéadfadh fianáin atá rangaithe mar 'riachtanach' ag láithreáin ghréasáin gan a bheith riachtanach. I ndáiríre, faoi dhlíthe reatha, níl sé riachtanach do chead a fháil i leith fianáin a bhfuil fíorghá leo chun an tseirbhís a bhfuil tú ag lorg a chur ar fáil duit. Maidir le fianáin nach bhfuil riachtanach i ndáiríre mar sin, ba cheart go bhfeidhmeodh an láithreán gréasáin fiú *mura* dtugann tú cead iad a úsáid, ach d'fhéadfadh sé nach n-oibreodh cuid de na gnéithe roghnacha i gceart duit ina dhiaidh sin.

Céimeanna is féidir leat a ghlacadh chun do shonraí pearsanta a chosaint

Smaoinigh go cúramach faoin bhfaisnéis a thugtar duit maidir le húsáid fianáin ar láithreáin ghréasáin a dtugann tú cuairt orthu agus smaoinigh faoi cé atá ag lorg cead uait chun iad a úsáid. Ba chóir don fhaisnéis a chuirtear ar fáil duit a bheith soiléir agus cuimsitheach. Ba cheart go dtabharfaí míniú san fhaisnéis maidir leis na fianáin atá *riachtanach i ndáiríre*, a úsáidfear chun an tseirbhís a chur ar fáil a bhfuil tú ar iarraidh trí chuairt a thabhairt ar an láithreán gréasáin, agus na cinn atá roghnach. Is féidir leat rogha a dhéanamh glacadh leo nó diúltú dóibh níos déanaí (trí áis a chuireann an láithreán gréasáin ar fáil duit, nó trí úsáid a bhaint as socruithe teicniúla i do bhrabhsálaí gréasáin chun iad a rialú má tá tú sásta sin a dhéanamh).



Má tharlaíonn sé nach dtuigeann tú na cuspóirí atá leis na fianáin a iarrtar ort glacadh leo d'fhéadfadh tú a chinneadh gan chuairt a thabhairt ar an láithreán gréasáin, nó glacadh le cuid de na fianáin, nó d'fhéadfadh tú iad a scriosadh i ndiaidh duit cuairt a thabhairt ar an láithreán gréasáin. Trí shocruithe brabhsálaí, is féidir an úsáid a bhaintear as fianáin nó saolré fianán a rialú. Tá treoracha ar fáil ar go leor láithreáin ghréasáin maidir leis an gcaoi is féidir socruithe brabhsálaí na socruithe fianán a athrú, lena n-áirítear [ráiteas maidir le fianáin ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí](#)³.

Chomh maith leis sin tá gnéithe forlíontacha ar a dtugtar 'breiseáin' ar féidir a úsáid i mbrabhsálaí a d'fhéadfadh cuidiú leat na fianáin ar chóir glacadh leo agus na fianáin nár chóir glacadh leo a rialú. Tá gnéithe eile ag brabhsálaithe áirithe a d'fhéadfadh cuidiú leis an méid rianaithe agus próifílithe is féidir a dhéanamh trí úsáid a bhaint as 'modh *incognito*' nó 'seisiúin phríobháideacha' nó táib árthaigh'.


Tá sé tábhachtach cuimhneamh go bhféadfadh sé go dteastódh uait é sin a dhéanamh i gcás gach brabhsálaí, má bhaineann tú úsáid as níos mó ná ceann amháin.

Dearadh Físeach – 'Poiteadh'

An méid le bheith ar an eolas faoi

Uaireanta, nuair a úsáideann tú seirbhís ar líne nó aipeanna, beidh cásanna ann ina mbeidh ort rogha a dhéanamh faoi ghné nó faoin mbealach a cheadaíonn oibritheoir an láithreáin nó forbróir na haipe duit úsáid a bhaint as an tseirbhís a chuireann siad ar fáil. D'fhéadfadh sé go mbeadh ort "OK" nó "Cealaigh", "Aontaím" nó "Ní Aontaím", "Tá" nó "Níl", "Glac leis" nó "Bainistigh Socruithe" a roghnú.

³ Féach ar an rannán 'Fianáin a Bhainistiú' ag <https://dataprotection.ie/en/about-our-site/cookie-policy>.



D'fhéadfadh na roghanna sin a bheith ina sraitheanna agus d'fhéadfadh céimeanna éagsúla a bheith i gceist leo. De ghnáth déanann na heagraíochtaí sin go leor smaoinimh agus iarrachta maidir leis an gcaoi a leagtar amach na roghanna agus sraitheanna sin agus maidir leis an gcaoi a thaispeántar iad.


Nuair a dhéanann eagraíochtaí an chaoi a scartar na roghanna sin, an chaoi a n-oibríonn siad agus an chaoi a dtaispeántar duit iad a leagan amach, ba chóir dóibh a gcuid oibleagáidí maidir le cosaint sonraí a thabhairt san áireamh, lena n-áirítear cinnte a dhéanamh de go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil follasach agus soiléir agus é a bheith ina réamhshocrú nár chóir do sheirbhísí ach sonraí pearsanta atá riachtanach don chuspóir atá beartaithe a phróiseáil.

Cén riosca atá i gceist duit ar líne?

Is féidir leagan amach na rialuithe sin, agus na roghanna agus faisnéis a thaispeántar duit a bheith an-chaolchúiseach. Mar shampla, is féidir le heagraíochtaí brandáil, dath agus cló a úsáid chun aird a tharraingt ar roghanna áirithe, nó béim a leagan orthu, seachas roghanna eile. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an rogha is aibhsithe an rogha is fearr ó thaobh na príobháideachta de. Ní hé an rogha is aibhsithe de réir dathanna nó méide an rogha is oiriúnaí d'úsáideoirí i gcónaí.

Mar shampla, ar an gcéad amharc, d'fhéadfadh cosúlacht a bheith ann gur *chóir* duit an cnaipe 'OK' a roghnú chun an tseirbhís is fearr a fháil toisc go bhfuil an cnaipe 'OK' ar an scáileán daite seachas liath, nó toisc go bhfuil an cnaipe 'OK' níos mó ná an cnaipe 'Cealaigh'. D'fhéadfadh deifir a bheith ort agus nach bhfeicfeadh tú nasc 'foghlaim tuilleadh' in aice láimhe nó nasc 'ná bac' a d'fhéadfadh dath liath a bheith air ag barr nó ag bun an scáileáin. Ar an mbealach sin, mar gheall ar dhearadh físeach agus na cinntí a dhéanann oibritheoir an láithreáin nó forbróir na haipe maidir le roghanna faisnéise a thaispeáint, d'fhéadfaí tú a phoiteadh i dtreo roghanna arbh fhearr leo go ndéanfadh tú, seachas rogha a d'fhéadfadh tú a dhéanamh dá mbeadh an fhaisnéis níos

soiléire agus mura mbeadh an oireadh poite i gceist.



Mar sin féin, tá riosca ann nuair a roghnaíonn tú an cnaipe is daite nó má leanann tú na céimeanna a aibhsítear duit, nach bhfeicfeadh tú an fhaisnéis atá ar fáil nó aird a thabhairt uirthi, nó nach bhfeicfeadh tú na roghanna eile atá ann, nó nach ndéanfaidh tú tuilleadh sonraí a lorg faoin méid a iarrtar ort aontú leis. Nuair a tharlaíonn sé sin, d'fhéadfadh tú aontú do níos mó sonraí a bhailiú ná mar a bhí tú ag súil leis, nó go ndéantar do shonraí a phróiseáil ar bhealaí nach mbeadh go hiomlán riachtanach nó fiú nach mbeadh ina bhuntáiste duit.

Ar ndóigh, tá fadhbanna ionchasacha ann ó thaobh neamhchomhlíonadh maidir le hoibleagáidí trédhearcachta, nó teipeanna chun comhthoilíú a fháil i gcomhthéacs faisnéis leordhóthanach a chur ar fáil nuair a bhain rialaitheoirí mí-úsáid as cuir chuige den chineál sin; mar sin féin, tá an nóta seo dírithe ar bhealaí inar féidir leat féin, an duine aonair, na rioscaí mar atá siad faoi láthair a sheachaint nó a íoslaghdú.

Céimeanna is féidir leat a ghlacadh chun do shonraí pearsanta a chosaint

Molaimid do dhaoine aonair aird a thabhairt ar na socruithe agus na roghchláir a thaispeántar duit nuair a bhaineann tú úsáid as táirge nó seirbhís. Breathnaigh thart ar an scáileán a thaispeántar duit do na roghanna eile nach bhfuil aibhsithe nó follasach. Tabhair aird ar an gcineál teanga a úsáidtear – d'fhéadfaí go mbeadh tú á threorú i dtreo rogha áirithe.

Cé go bhfuil rogha le déanamh, cuimhnigh nach gá duit aon rud a roghnú seachas sa chás go bhfuil tú ag iarraidh sin a dhéanamh i ndáiríre. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh tú cealú nó bogadh ar ais chuig an scáileán roimhe. Má tá cnaipe nó nasc 'foghlaim tuilleadh' nó 'eolas' d'fhéadfaí gurbh fhiú é a leanúint chun tuiscint níos fearr a fháil faoin méid a bhfuiltear ag iarraidh ort a dhéanamh, faoin tionchar a bheadh ag do rogha, agus faoi na buntáistí a bheadh i

gceist duitse nó don eagraíocht lena bhfuil tú ag déileáil san am i láthair.

Má chuireann socrú ar bith mearbhall ort nó mura dtuigeann tú an rialú go hiomlán, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le soláthraí an táirge nó seirbhíse chun soiléiriú a lorg faoi na roghanna atá á gcur ar fáil duit.

Bailiú agus Rianú

Aipeanna ar Ghairis Mhóibíleacha a Dhíshuiteáil

An méid le bheith ar an eolas faoi

Nuair atá spás stórála ar do ghaires móbíleach ag ídiú, nó nuair nach dteastaíonn aip uait a thuilleadh, d'fhéadfadh tú cinneadh a dhéanamh an aip a dhíshuiteáil chun roinnt spáis a fháil. Cé go bhféadfadh tú bheith den tuairim go gcuireann tú deireadh leis an úsáid a bhaineann tú as an aip sin tríd an méid sin a dhéanamh agus gur scrios an forbróir do shonraí pearsanta ar fad, d'fhéadfadh sé nach bhfuil i gceist dáiríre ach bogearraí na haipe a bhaint de do ghaires.

Ag brath ar an aip agus ar an leagan den chóras oibriúcháin (Android nó iOS go hiondúil) a bhfuil tú ag úsáid, cé gur baineadh an aip, tá seans maith ann go bhfanfaidh aon sonraí pearsanta a seoladh chuig freastalaithe na bhforbróirí ar a seirbhís ar líne, lena n-áirítear do shonraí próifíle agus cuntais. I gcoitinne, ní dhúntar do chuntas le forbróir nó oibrítheoir na haipe tríd an aip a bhaint.

Cén riosca atá i gceist duit ar líne?

Nuair a dhéantar aip a dhíshuiteáil agus nuair a fhanann aon sonraí pearsanta a bhaineann leis ar sheirbhís ar líne fhorbróir na haipe, d'fhéadfadh sé tarlú go leanfaí de na sonraí pearsanta sin a phróiseáil ar bhealaí nach bhfuil tú ag iarraidh agus d'fhéadfadh tú teachtaireachtaí nó fógraí a fháil ó am go ham. D'fhéadfadh sé sin tarlú toisc nach féidir leis an bhforbróir a aithint go bhfuil tú ag iarraidh do chuntas a dhúnadh tríd an aip a bhaint de do ghaires.

Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh próiseáil do shonraí pearsanta leanúint ar aghaidh, go bhféadfadh sé bheith ar siúl i ngan fhios duit nó gan d'eolas sainráite. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé tarlú nach meabhróidh forbróir na haipe duit go bhféadfadh sé sin tarlú ag an am a dhéanann tú an aip a dhíshuiteáil ó do ghaires. Uaireanta, níl áis ar chóras oibriúcháin an ghairis chun forbróir na haipe a chur ar an eolas nuair a dhéanann duine éigin an aip a dhíshuiteáil, nó d'fhéadfaí nach bhfuil na forbróirí á húsáid.

Céimeanna is féidir leat a ghlacadh chun do shonraí pearsanta a chosaint

Nuair a dhéanann tú aip a dhíshuiteáil agus gur mhaith leat stop a chur leis an bpróiseáil ar fad a dhéanann forbróir na haipe ar do shonraí pearsanta, ba chóir duit iarracht a dhéanamh do chuntas a scriosadh sula mbaineann tú an aip, nó nuair nach féidir sin a dhéanamh go réidh, teagmháil a dhéanamh leis agus céimeanna a ghlacadh chun do chuntas a dhúnadh. D'fhéadfaí sin a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh nó trí úsáid a bhaint as foirm ar a láithreán gréasáin. Beidh ort tú féin a aithint don fhorbróir chun sin a dhéanamh agus d'fhéadfaí a bheith ort logáil isteach ina sheirbhís, nó d'fhéadfaí a bheith ort na socruithe san aip a úsáid sula ndéanann tú é a bhaint d'fhonn iad a chur ar an eolas go bhfuil tú ag iarraidh do chuntas a dhúnadh.

| Aipeanna – Próiseáil Chúlra

An méid le bheith ar an eolas faoi

Agus méadú ag teacht ar ghairis láimhe níos cumhachtaí, is ea is dóichí faoi láthair go bhfuil do ghaireas móibíleach in ann i bhfad níos mó aipeanna a rith ag an am céanna i gcomparáid le gaireas móibíleach ó roinnt blianta ó shin. Uaireanta, déantar na haipeanna a rith sa chúlra – is é sin go leanann siad ag oibriú nuair a aistríonn tú go aip eile chun rud éigin eile a dhéanamh.

Mar shampla, déanann aipeanna léarscáilithe rian a choinneáil ar do shuíomh uaireanta, d'fhéadfadh rianairí corpacmhainne leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar bhuille do chroí, d'fhéadfadh aipeanna a rialaítear ag an nguth leanúint d'éisteacht d'fhocail truícir ar nós "OK Google" nó "Hey Siri", agus d'fhéadfadh aipeanna eile fanacht sa chúlra go dtí go an chéad uair eile a bhaineann tú úsáid astu. D'fhéadfadh roinnt aipeanna a dhéanann é sin a bheith ag bailiú an iomarca faisnéise fút, agus d'fhéadfadh siad é sin a dhéanamh gan aon leas ceart a bheith i gceist duitse, nó d'fhéadfadh siad é sin a dhéanamh gan a mheabhrú duit go bhfuil a leithéid ag tarlú.


Cén riosca atá i gceist duit ar líne?

D'fhéadfadh aipeanna atá gníomhach nuair nach bhfuil siad á n-úsáid leanúint de do shonraí pearsanta a phróiseáil. D'fhéadfaí aon sonraí pearsanta a bhailítear a úsáid chun cur le próifíl atá á coinneáil fút agus faoi do ghníomhaíochtaí. Má bhaineann sé sin le sonraí pearsanta ar nós, suíomh, buille an chroí, nó na comhráite a dhéanann tú d'fhéadfadh sé nithe faoi do shaol pearsanta nó do shaol sa bhaile a nochtadh, ar bhealach thar a bheith mionsonraithe.

Céimeanna is féidir leat a ghlacadh chun do shonraí pearsanta a chosaint

Ag brath ar an gcóras oibriúcháin a úsáideann tú, tá roinnt aipeanna ann a dhéanann a leithéid a chuireann ar do chumas cead a thabhairt nó a tharraingt siar maidir leis an gcineál iompraíochta sin. Ba chóir duit sin a lorg nuair a shuiteálann tú aip nó nuair atá tú ag breithniú aipeanna ar an aipmhargadh (cuardaigh nasc ina dtugtar tuairisc ar na ceadanna a iarrann an aip).

I ndiaidh duit an aip a shuiteáil, is féidir leat breathnú sna socruithe ar do ghaireas maidir leis na ceadanna atá tugtha d'aip nó maidir le ceadanna a iarrfaidh aip – is féidir leat a roghnú gan cead a thabhairt más mian leat. Ar iOS, cuirfear ar an eolas thú maidir leis an gcead a theastaíonn ón aip chun rith sa chúlra. Ag an am sin, is féidir leat a roghnú gan cead a thabhairt más mian leat.




Tabhair aird ar fhógraí ar scáileán do ghairis agus tabhair aird ar na pictiúir bheaga nó deilbhíní a thagann aníos ar an scáileán – go minic, léiríonn siad sin gníomhaíocht atá ar siúl sa chúlra. Seans go mbeadh tú ag iarraidh ‘tarraingt anuas’ (Android) nó ‘svaidhpeáil suas’ (iOS) ar an scáileán nuair a fheiceann tú iad le bheith cinnte go bhfuil tú ar an eolas faoin méid atá ag tarlú. Tá cuma na scáileán amhail na cinn a thaispeántar thíos, agus beidh ábhair⁴ éagsúla iontu ag brath ar nithe atá ag rith ar do ghuthán san am i láthair – nithe ar nós ceoil, úsáid a bhaint as sonraí maidir le suíomh, nó seinnteoir ceoil.

⁴ ⁴ Tá liosta déanta ag Apple maidir leis na deilbhíní a úsáideann siad san ionad fógraí ag <https://support.apple.com/egb/HT207354>, agus tá liosta díobh ag Android ag <https://material.io/design/platform-guidance/android-notifications.html>. Chomh maith leis sin, cuirfidh aipeanna fógraí ar fáil ó am go ham chun tú a chur ar an eolas faoin méid atá siad ag déanamh agus is féidir leat idirghníomhú leo uaireanta freisin chun faisnéis níos mionsonraithe a thaispeáint duit.



Fíor 1 – Ionad Fógraí iOS



Fíor 2 – Tarraiceán fógraí Android

Mura bhfuil tú ag iarraidh aip a bheith ag rith sa chúlra ba chóir duit an méid seo a leanas a dhéanamh:

- An aip a fhágáil nó éirí as nuair is féidir.
- Cuardaigh do shocruithe sa roghchlár aipe a cheadaíonn don aip rith sa chúlra agus cas as é.
- Cas as an cead i bpríomhshocruithe an ghutháin a cheadaíonn do aip rith sa chúlra.
- Aimsigh an socrú ar an ngaireas ina bhfuil liosta de na haipeanna a shuiteáil tú agus roghnaigh an rogha a chuireann ar do chumas iallach a chur air stopadh (beidh ort é sin a dhéanamh arís an chéad uair eile a úsáideann tú é)

Ag an bpointe sin féadfaidh tú smaoineamh faon aip a bhaint de do ghaireas mura bhfuil tú sásta faoin mbealach a bhfuil sé ag próiseáil do shonraí pearsanta (féach [thuas maidir le aipeanna a dhíshuiteáil](#)).

Slándáil

Pasfhocal a Athúsáid

An méid le bheith ar an eolas faoi

Chun úsáid a bhaint as seirbhísí ar líne, is minic gur gá cuntas a bhunú a rialaítear le hainm úsáideora agus pasfhocal don tseirbhís áirithe sin. Mar gheall ar an líon seirbhísí ar líne atá ar fáil inniu, d'fhéadfadh go leor daoine an t-uafás cuntas ar líne a bheith acu a bhfuil ainm úsáideora agus pasfhocal faoi leith ag dul le gach ceann nach mór dóibh rian a choinneáil orthu.

Go ginearálta, éileoidh seirbhís ar líne go mbeidh láidreacht áirithe ag baint le pasfhocail. Ciallaíonn sé sin go bhfuil cáilíochtaí acu atá deacair a thomhas nó atá deacair ag ríomhaire a ghiniúint. Iarrfar ort uaireanta pasfhocail a chruthú a bhfuil fad áirithe ag baint leo, ina bhfuil uimhir amháin ar a laghad, ina mbaintear leas as ceannlitir nó ina n-úsáidtear carachtair speisialta. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh roinnt seirbhísí a éileamh go ndéantar pasfhocail a nuashonrú go rialta, gach trí mhí cuir i gcás.

Bíonn polasaithe éagsúla ag seirbhísí éagsúla i ndáil le láidreacht agus nuashonruithe. D'fhéadfadh sé tarlú ag amanna neamhoiriúnacha go n-iarrtar ort do phasfhocal a nuashonrú, nó nuair a theastaíonn uait teacht a bheith agat ar rud éigin go sciobtha nó nuair atá pasfhocal agat atá deacair a thomhas cheana féin. D'fhéadfadh sé sin ar fad cur leis an gcastacht pasfhocal nach mór d'úsáideoir rian a choinneáil air agus d'fhéadfadh sé sin a bheith deacair.

Cén riosca atá i gceist duit ar líne?

Mar gheall ar an gcastacht sin, tá seans ann go ndéanfadh tú pasfhocail reatha a athúsáid. Sa chás sin, áfach, má tharlaíonn sárú i ndáil le sonraí pearsanta ag seirbhís lena bhfuil tú cláraithe a bhaineann le hainmneacha úsáideora agus na pasfhocail a ghabhann leo a sceitheadh, agus nuair a úsáideann tú an pasfhocal céanna do sheirbhís eile, d'fhéadfadh do chuntais ar na seirbhísí eile sin a bheith i mbaol freisin. Déanann eagraíochtaí iarracht pasfhocail a chosaint sa chás sin trí iad a scrobhadh go buan ionas nach féidir iad a aimsiú nó a thomhas, ach uaireanta d'fhéadfadh sé tarlú nach bhfuil na teicnící a úsáideann siad leordhóthanach chun cosc a chur ar haiceálaí mí-úsáid a bhaint astu.

Is éard is brí leis sin ná fiú mura raibh mórán tábhachta ag baint leis an gcuntas ar líne a sáraíodh i dtús báire, má bhain tú úsáid as an bpassfhocal céanna do do chuntas ríomhphoist, tá an cuntas sin i mbaol freisin. Mar a luaitear thíos i 'Ceisteanna Slándála', d'fhéadfaí seirbhísí iontaofa tábhachtacha eile a úsáideann tú a chur i mbaol trí phasfhocail a athúsáid.

Céimeanna is Féidir Leat a Ghlacadh chun do Shonraí Pearsanta a Chosaint

- Ná déan pasfhocail a athúsáid ar láithreáin gréasáin éagsúla agus déan iarracht gan pasfhocail a chruthú as patrúin go bhféadfaí iad a oibriú amach go héasca.
- Déan cinnte príomhsheoltaí ríomhphoist agus cuntais eile an-thábhachtach ar líne a chosaint le pasfhocail ar leith a bhfuil uathúil agus an-chasta. Chinnteofaí é seo, fiú má tharlaíonn sárú ar shonraí pearsanta, go mbeadh an riosca go gcuirfear isteach ar sheirbhísí eile chomh lú agus is féidir.
- Chomh maith le cinntiú go gcomhlíonann pasfhocail na riachtanais castachta ar láithreáin gréasáin, bí ar an eolas go bhfuil pasfhocail fada (agus é seo á scríobh, 12 carachtair ar a laghad), nó ‘pasfhrásaí’ le téarmaí iomadúla níos sábháilte. D’fhéadfadh go mbeidh sé seo an bealach is éifeachtaí chun faisnéis rúnda ar nós pasfhocail a chruthú, ionas go mbeidh sé deacair iad a oibriú amach.
- Smaoinigh ar úsáid a bhaint as bainisteoirí pasfhocail (bogearraí a ghineann pasfhocail fada agus sábháilte, a fhaigheann tú rochtain orthu le máistir-pasfhocal eile atá fada agus sábháilte), ach bíodh tuiscint agat freisin go dtagann rioscaí ar leith uaireanta leo siúd. Léigh agus tuig conas a oibríonn siad ar dtús.

Má chuirtear bealach eile ar fáil duit chun d’aitheantas a dheimhniú (a dtugtar ‘fíordheimhniú déshraithe’ nó ‘fíordheimhniú ilsraithe’ air go minic) ar nós úsáid a bhaint as bogearraí chun cóid randamacha a chruthú, molaimid duit úsáid a bhaint as. Déantar sin a phlé tuilleadh thíos faoin topaic [ceisteanna slándála](#).

Ceisteanna Slándála

An méid le bheith ar an eolas faoi

Nuair a chruthaíonn úsáideoirí cuntas úsáideora do sheirbhísí ar líne, is minic a spreagfar iad chun faisnéis eile nó faisnéis thánaisteach a chur ar fáil d’fhonn a aitheantas a chruthú i gcás go ligtear pasfhocal i ndearmad. Déanann roinnt seirbhísí, go háirithe seirbhísí ina ndéantar idirghníomhú le custaiméirí ar an nguthán, é sin trí úsáid a bhaint as sraith ceisteanna maidir leat nó maidir le nithe a dhéanann tú nó nithe atá ar eolas agat.

Ceisteanna a Úsáidfear go Coitianta ná

- “Cén t-ainm a bhí ar mo chéad peata?”
- “Cén sloinne a bhí ar do mháthair roimh phósadh?”
- “Cad é an bia is fearr leat?”

Mar sin féin, d’fhéadfadh na ceisteanna sin muinín gan bhonn a thabhairt don úsáideoir, nó d’fhéadfadh siad gan a bheith slán. D’fhéadfadh sin tarlú toisc na freagraí gan a bheith faoi rún i ndáiríre nó toisc go bhféadfaí iad a thomhas.

Cén riosca atá i gceist duit ar líne?

Riosca bunúsach a bhaineann le ceisteanna tánaisteacha dá leithéid is ea gur minic gur féidir na freagraí a aimsiú trí thaighde a dhéanamh ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí a bhaineann leis an duine sin, nó trí chaidreamh pearsanta leis an duine sin. Mar shampla, d’fhéadfadh sin tarlú mar gheall go raibh freagraí ar roinnt de na ceisteanna sin le fáil i sárú i ndáil le sonraí a tharla roimhe sin⁵, mar gheall go bhféadfadh roinnt freagraí a bheith ar fáil i do phostálacha ar na meáin shóisialta, gur féidir iad a aimsiú áit éigin i mbunachar sonraí poiblí, nó gur féidir iad a thomhas go héasca.

Is é an fhadhb is mó a bhaineann le duine eile a bheith in ann do cheisteanna slándála a fhreagairt ná go bhféadfaí an cuntas a bhaineann leis na ceisteanna sin a chur i mbaol agus a thógáil. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh tú rochtain ar an gcuntas sin a chailleadh nuair a dhéanann duine eile an pasfhocal a athshocrú. Más amhlaidh an cás go mbaineann an cuntas atá i mbaol leis an seoladh ríomhphoist nó leis an ainm úsáideora a d’úsáid tú do sheirbhísí eile ar nós baincéireacht ar líne, d’árachas sláinte, nó seirbhís pinsin, d’fhéadfadh duine éigin na pasfhocail a athshocrú orthu sin freisin.

⁵ Tarlaíonn sárú i ndáil le sonraí pearsanta nuair a dhéantar do shonraí pearsanta a rochtain gan údarás nó nuair a dhéantar iad a chailleadh, a scriosadh nó a athrú trí thimpiste nó go neamhdhleathach.

Céimeanna is féidir leat a ghlacadh chun do shonraí pearsanta a chosaint

Nuair a chuireann tú cuntas ar líne ar bun, seans go dtabharfar roghanna duit chun tú féin a aithint gan úsáid a bhaint as ceisteanna tánaisteacha i gcás go ligfí pasfhocal i ndearmad. Tá na roghanna sin ag brath ar fhaisnéis bhreise rúnda a chuireann tú ar fáil thar do phasfhocal – is minic gur cód é atá ginte go randamach a sheoltar chuig do ghuthán lena úsáid uair amháin, nó cód a ghintear trí úsáid a bhaint as aip atá sábháilte. Tugtar ‘fíordheimhniú déshraithe’ nó ‘fíordheimhniú tánaisteach’ ar sin. Meastar na teicnící sin a bheith ina teicnící slándála atá níos éifeachtaí ná ceisteanna slándála toisc nach mór úsáid a bhaint as modh eile seachas pasfhocal chun logáil isteach agus ceist pearsanta chun d’aitheantas a chruthú.

Maidir le gnéithe tánaisteacha fíordheimhnithe, tá go leor roghanna ar fáil mar mhalairt ar cheisteanna slándála, ar nós seoladh ríomhphoist eile a úsáid mar fhíorú, nó úsáid a bhaint as aip fíordheimhnitheora, a bhíonn níos sábháilte go minic. Cinneann an rialaitheoir sonraí an ceann a chuirfear ar fáil duit.

Mura bhfuil aon rogha eile agat ach ceisteanna rúnda a úsáid, cinntigh nach bhfuil an freagra ar eolas ag aon duine eile seachas tú féin. Ina ionad sin, d’fhéadfadh tú freagraí a chumadh a gcuimhneoidh tú orthu amach anseo agus nach mbaineann leat de ghnáth – d’fhéadfadh an bia is fearr leat a bheith ina rud nár ith tú riamh, nó b’fhéidir rud éigin nach mbaineann le bia ar chor ar bith – is é an smaoineamh atá leis nár chóir go mbeifí in ann an freagra a thomhas nó a aimsiú. Mar sin féin, má chuirtear gné thánaisteach níos sábháilte a fáil duit mar mhodh chun d’aitheantas a fhíorú, seans go dteastódh uait sin a úsáid seachas ceisteanna tánaisteacha.

Fioscaireacht

An méid le bheith ar an eolas faoi

Is éard atá i gceist le fioscaireacht daoine a mhealladh chun faisnéis rúnda a sceitheadh a úsáidtear go minic chun cuidiú le bearta slándála eagraíochta a shárú.

D’fhéadfadh fioscaireacht tarlú trí mhodhanna éagsúla ach tarlaíonn sé go hiondúil trí ‘chumarsáid faoi bhréagriocht’ ar ríomhphost – glaonna gutháin nó feidhmchláir teachtaireachtaí ina gcuireann ionsaitheoir i gcéill gur duine eile atá ann nó go n-oibríonn sé d’eagraíocht a bhfuil eolas agat uirthi. Cuireann an t-ionsaitheoir ina luí ort faisnéis rúnda a thabhairt ar láimh.

Rudaí a léiríonn ionsaí fioscaireachta ná:

- **Cuma práinne a chruthú, nó bagairt a dhéanamh go gcaillfear seirbhís nó áis.**
- **Iarratas a dhéanamh ar fhaisnéis rúnda ar nós pasfhocail nó uimhreacha PIN.**
- **Ríomhphost a bhfuil cuma barantúlacht air ach ina bhfuil botúin litrithe nó gramadaí nach ndéanfadh eagraíocht phroifisiúnta.**
- **Naisc le láithreáin gréasáin a bhfuil ainmneacha nó litriú aite acu.**
- **Tairiscintí shaora ar iPad nó saoire nó spreagadh eile.**

Is minic a ndírítear ionsaithe fioscaireachta go fánach ar líon mór úsáideoirí le súil is go dtabharfadh líon beag daoine freagra air. 'Fioscaireacht spriocdhírithe' atá i gceist nuair a dhíríonn haiceálaithe go díreach ar úsáideoir aonair nó ar ghrúpa beag úsáideoirí.

Cén riosca atá i gceist duit ar líne?

Tá sé mar aidhm ag cibé duine atá taobh thiar den iarracht fioscaireachta do mhuintín a fháil agus a chur ina luí ort go bhfuil sé fíor agus iontaofa.

Trí sin a dhéanamh, tá sé mar aidhm le fioscaireacht slándáil na seirbhíse a úsáideann tú a shárú agus airgead nó nithe luachmhara eile a ghoid nó a shracadh uaitse nó ó eagraíocht lena bhfuil ceangal agat. Tá sé mar aidhm le hionsaí fioscaireachta go ndéanfadh tú faisnéis a sceitheadh a chuireann ar chumas haiceálaí é sin a dhéanamh.

I roinnt cásanna, ní iarrtar faisnéis mar chuid den fhioscaireacht ach iarrtar ort bogearraí nó aipeanna gan deimhniú a shuiteáil atá ina bhogearraí mailíseacha nó spiaireachta i ndáiríre – ina dhiaidh sin déantar an fhaisnéis rúnda fútsa a bhailiú a theastaíonn ón haiceálaí.

Céimeanna is féidir leat a ghlacadh chun do shonraí pearsanta a chosaint

Féadann ionsaithe fioscaireachta a bheith an-sofaisticiúil agus buntacaithe ag faisnéis a fuarthas amach fút ó fhoinsí eile nó faisnéis ar féidir leis an haiceálaí a thomhas go réidh. Seo a leanas roinnt leideanna chun ionsaithe fioscaireachta a aithint nó a sheachaint:

- ❑ Tabhair aird ar naisc i ríomhphoist nó ar leathanaigh ghréasáin a nascann tú leo. Bain triail as ainliú thar an nasc sula chliceálann tú air; ba cheart go bhfeicfeadh tú an sprioc URL in íochtar do bhrabhsálaí ar thaobh na láimhe deise.

An bhfuil aithne agat air? Mura bhfuil, smaoinigh arís faoi é a úsáid (féach an rannán thíos freisin maidir le [Láithreáin Bhréagacha](#)).

- ❑ Cuardaigh earráidí litrithe sa seoladh a úsáidtear sna naisc sula roghnaíonn tú cliceáil – ní hionann <https://www.dataprotecton.ie> agus <http://www.dataprotection.ie> nó <https://www.dataprotection.com>.
- ❑ Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh tú an URL faoi leith a sheiceáil trí uirlis sheiceála URL a úsáid ar nós [Google safe browsing](#).
- ❑ Níor chóir duit i gcás ar bith, uimhreacha PIN nó faisnéis íogair eile a thabhairt ar an nguthán riamh. Ní gá go mbeadh do phasfhocal ar eolas ag duine ar bith eile seachas tusa – in am ar bith.
- ❑ Má iarrtar ort i nasc i ríomhphost ó do bhanc “logáil isteach anseo” chun breathnú ar fhaisnéis faoi do chuntas agus má bhíonn aon amhras ort, is féidir leat dul go díreach chuig láithreán gréasáin do bhainc chun logáil isteach seachas cliceáil ar an nasc sa ríomhphost.
- ❑ Is minic a dhéantar seoltaí láithreán gréasáin a chiorrú le nithe a bhfuil an chuma orthu gur cóid iad chun sprioc cheart an naisc a cheilt. Is féidir le roinnt uirlisí ar líne⁶ iad sin a sheiceáil duit. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé bheith ina thairbhe duit smaoineamh faoi gan chliceáil ar aon seoltaí láithreán gréasáin ciorraithe a fheiceann tú ina aon naisc ríomhphoist.

Foirmeacha Logála Isteach gan Slándáil

An méid le bheith ar an eolas faoi

Ba chóir leathanaigh ghréasáin a chuireann ar chumas sonraí pearsanta a phróiseáil trí líonra a bheith daingnithe chun cosc a chur ar dhaoine eile bheith ag éisteacht nó ag breathnú ar an bhfaisnéis (cúléisteacht) agus í ag bogadh ó do bhrabhsálaí nó aipeanna chuig an tseirbhís lena bhfuil tú ag nascadh. Tá go leor daoine ar an eolas gur chóir go mbeadh leathanaigh ar a bhfuil foirmeacha logála isteach sábháilte – feicfidh tú glas fraincín agus tosóidh seoladh an láithreáin ghréasáin le “https” seachas “http”.

Fíor 3 – Comhartha do láithreán gréasáin sábháilte

Ciallaíonn sé sin go ndéantar do shonraí a chriptiú agus iad á dtarchuir, agus ba chóir go mbeadh siad slán ar chúléisteacht dá bharr sin. Ní mór leathanaigh logála isteach ar a n-iarrtar ainmneacha úsáideora agus pasfhocail a bheith daingnithe ar an gcaoi sin chun an t-ainm úsáideora nó pasfhocal a chuireann tú isteach a criptiú agus iad á dtarchuir chuig an láithreán gréasáin nó seirbhís aipe atá tú ag úsáid.

⁶ Mar shampla, <http://checkshorturl.com> nó <http://www.getlinkinfo.com>.

Cén riosca atá i gceist duit ar líne?

B'fhéidir gur beart follasach é leathanaigh ghréasáin a dhaingniú, ach ní mór do sheirbhísí ar líne bearta slándála a úsáid go cuimsitheach le go mbeadh said éifeachtach, nó d'fhéadfadh bearnaí nó laigí teacht chun cinn.

Toisc gur féidir leathanaigh ghréasáin nach bhfuil slán a ionramháil, go háirithe na leathanaigh sin nach ndéanann úinéir an láithreáin a dhaingniú, d'fhéadfadh sé tarlú nach bhfuil leathanach logála isteach díreach de réir mar a cheapadh tú (ba chóir d'úinéirí láithreán gach acmhainn a dhaingniú ar a láithreán gréasán mar sin). I gcás dá leithéid tá deis theicniúil ag haiceálaí cur isteach ar an sreabhadh faisnéise ón leathanach ar a raibh tú *sula* dtugann tú cuairt ar an leathanach logála isteach. Is é an toradh a bheadh air sin go bhféadfadh tú bheith ag breathnú ar leathanach logála isteach atá bréagach.

Le teacht ar an bhfód do dheimhnithe slándála saora agus uaireanta, saor in aisce, ar féidir le heagraíochtaí a úsáid do láithreáin ghréasáin, tá baol ann go dtarlódh a leithéid nuair a dhéantar láithreáin ghréasáin agus aipeanna a nuashonrú go minic nó nuair nach nglacann eagraíocht cur chuige 'iomlán nó faic' maidir lena leathanaigh ghréasáin nó aip a dhaingniú nuair atá an eagraíocht i mbun an aip a dhearadh nó a nuashonrú.

Mar sin féin, nuair a tharlaíonn sé, nó má tharlaíonn sé, d'fhéadfadh an toradh a bheith air sin go bhféadfaí d'ainm logála agus do phasfhocal a roinnt le duine éigin atá ag iarraidh iad a ghoid agus seilbh a ghlacadh ar do chuntas.

Céimeanna is féidir leat a ghlacadh chun do shonraí pearsanta a chosaint

Tabhair aird nuair a thugann tú cuairt ar láithreáin ghréasáin ina bhfuil cuntas agat ina logálann tú isteach. Ba chóir go mbeadh comhartha de ghlas fraincín in aice le seoladh an láithreáin ghréasáin i do bhrabhsálaí. Ba chóir go mbeadh an comhartha sin ar gach leathanach.

Más rud é nach bhfuil glas fraincín ar aon leathanach ar an láithreán gréasáin sin ag am ar bith agus má iarrtar ort logáil isteach, bí faichilleach faoi é a úsáid.

Tá roinnt brabhsálaithe ann a bhfuil gnéithe nó uirlisí breise acu ar a dtugtar breiseáin. Trí na breiseáin, déantar iarracht a chinntiú go ndéanfar tú a atreorú go huathoibríoch chuig an leathanach gréasáin malartach atá daingnithe nuair atá leathanach gréasáin dá leithéid nach bhfuil slán ag láithreán gréasáin⁷.

Ainmneacha Fearainn – Láithreáin Bhréagacha a Aithint

An méid le bheith ar an eolas faoi

Ar an ngréasán, is píosa faisnéise cosanta ainm láithreáin ghréasáin nó ainm fearainn ar nós www.dataprotection.ie, www.gov.ie. nó edpb.europa.eu nach mór d'eagraíocht íoc as i gcoitinne

⁷ Tugtar 'Https Everywhere', 'SSL Enforcer', 'Https Now' ar roinnt breiseáin shamplacha.

ionas nach féidir le heagraíocht eile nó duine eile é a úsáid. Déantar iad sin a stóráil ar chóras domhanda ar a dtugtar an Córas Ainmneacha Fearainn. Nuair a chláraíonn eagraíocht an t-ainm ní mór di faisnéis a chur ar fáil maidir leis an eagraíocht. Is féidir sin a cheistiú trí uirlis ar a dtugtar WHOIS a úsáid. Mar shampla, má chuardaíonn tú “WHOIS www.dataprotection.ie” feicfidh tú láithreáin ghréasáin ina dtaispeántar sonraí duit maidir leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus cé a chláraigh an t-ainm fearainn.

Cén riosca atá i gceist duit ar líne?

Gné thábhachtach de mhuintir ar líne is ea bheith ar an eolas faoin duine nó faoin eagraíocht atá taobh thiar de láithreán gréasáin.

Is féidir cuma inaitheanta a chur ar ainmneacha láithreáin gréasáin cé go bhfuil siad bréagach. D’fhéadfadh litir bhreise a bheith in ainm láithreáin ghréasáin atá bréagach, nó d’fhéadfadh sé uimhir atá cosúil le litir a úsáid (e.g. an uimhir 1 in ionad an litir l), nó d’fhéadfadh sé leagan idirnáisiúnta de litir a úsáid (e.g. é in ionad e). Ta modhanna agus deiseanna teicniúla eile ag haiceálaithe freisin chun tú a threorú chuig láithreáin ghréasáin bhréagacha, lena n-airítear nuair nach bhfuil láithreáin ghréasáin daingnithe go iomlán (féach thuas), nó nuair nach ndéanann an t-oibritheoir ainmneacha láithreán gréasáin a bhainistiú i gceart.

Maidir le láithreáin nach bhfuil an oiread sin tóir orthu nó láithreáin ghréasáin nach bhfuil aithne agat orthu, agus fiú láithreáin ina n-iarrtar ort sonraí cárta creidmheasa a thabhairt nó logáil isteach trí d’ainm agus pasfhocal a úsáid, d’fhéadfadh sé bheith ina chuidiú leat iarracht a dhéanamh úinéir an láithreáin a nó an áit ina bhfuil sé lonnaithe a fháil amach.

Níl an fhaisnéis sin ag WHOIS uaireanta ach má tá tú amhrasach faoi láithreán gréasáin toisc nár bhain tú úsáid as cheana nó toisc go bhfuil cuma aisteach ar an ainm fearainn, d’fhéadfadh WHOIS a bheith ina uirlis úsáideach. Mura bhfuil faisnéis ag WHOIS faoi úinéir an tsuímh, d’fhéadfaí gur chóir duit smaoineamh arís faoi aon sonraí pearsanta a thabhairt don láithreán nó seirbhís sin.

Céimeanna is féidir leat a ghlacadh chun do sonraí pearsanta a chosaint

D’fhéadfadh tú smaoineamh ar úsáid a bhaint as WHOIS chun faisnéis a fháil faoi láithreán gréasáin nuair a úsáideann tú é den chéad uair, nó, cuir i gcás, nuair atá tú chun do chárta creidmheasa a úsáid den chéad uair ar láithreán gréasáin.

Má fheiceann tú naisc ghréasáin i ríomhphoist, d’fhéadfadh tú WHOIS a úsáid chun iad a sheiceáil. D’fhéadfadh turscar nó ríomhphoist bhréagacha úsáid a bhaint as naisc chuig láithreáin ghréasáin a bhfuil cuma inaitheanta orthu ach a bhfuil difríocht chaolchúiseach iontu – mar sin d’fhéadfadh tú teachtaireacht ríomhphoist ó www.dataprotection.io, www.guv.ie, nó www.edpb.europa.eu a fheiceáil. Glac d’am agus smaoinigh go bhféadfadh sé nár tháinig sé ó sheoltóir dlisteanach. Sa chás sin d’fhéadfadh sé cuidiú leat WHOIS a úsáid chun eolas a fháil maidir le haitheantas úinéir an láithreáin ghréasáin sa nasc agus cinneadh a dhéanamh cibé a bhfuil sé bréagach nó nach bhfuil nó má bhaineann riosca le cuairt a thabhairt air (féach an rannán thuas maidir le [Fioscaireacht](#) freisin, go háirithe má tá

na naisc sin an-gherr agus gur cosúil go mbaineann siad úsáid as cóid seachas ainmneacha).